Tóraíocht Taisce

An Dreoilín Teaspaigh

Tá cnagaireacht an Dreoilín Teaspaigh cloiste agaibh, clic-cleaic gan stad gan staonadh ón gclaí … ach cá mbíonn sé?
Bíonn sé chomh deacair an Dreoilín Teaspaigh a fheiscint agus má théann tú róghairid dó, stopann sé – an diabhal dearg air!
Ach, má fhantar socair suaimhneach ciúin agus má bhítear foighneach, chífear é, ag ceol lena chosa sa bhféar fada, sona sásta leis féin.

Féach cé na taiscí atá ar chúl an tí inniubh:

- ○ Scamall
- ○ Géimneach bó
- ○ Bláth buí
- ○ Muisiriún

- ○ Asal
- ○ Bothán
- ○ Copóg
- ○ Cat

- ○ Dreoilín Teaspaigh
- ○ Feochadán
- ○ Sceach gheal
- ○ Meantán gorm

An bhfuil ainm eile agat ar an Dreoilín Teaspaigh? .....
Dathaigh an pictiúr den Dreoilín Teaspaigh.

Dreoilín Teaspaigh

An Dreoilín Teaspaigh nó Píobaire Féir,
Deacair é a fheiscint gan súile tá géar.
Ag ceol is ag gliogaireacht, é ana-shoiléir
Ag léimt is ag preabadh go hard sa spéir.

Tuismitheoirí na Gaeltachta
Údarás na Gaeltachta
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media
S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030 Ár dTeanga, Ár bPobal

Dreoilín Teaspaigh

Píobaire Féir

Ealaín: Dómhnal Ó Bric
©Tuismitheoirí na Gaeltachta